
Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin



Roinn na Gaeilge

# An Cúrsa Céime Aononóra sa Luath- agus Nua-Ghaeilge

# Lámhleabhar Bhliain a 1 2023–2024

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí & na gCultúr
Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí
agus na nEolaíochtaí Sóisialta

# ROINN NA GAEILGE 2022 – 2023

## FOIREANN NA ROINNE

| | | |
|---|---|---|
| **Ollamh na Gaeilge** | Folamh | |
| **Ollamh na Luath-Ghaeilge** | Folamh | |
| **Léachtóirí** | An Dr Eoin Mac Cárthaigh (Ceann Roinne) | **Seomra 4061** |
| | An Dr Kevin Hickey | **Seomra 4062** |
| | An Dr Mícheál Hoyne | **Seomra 4059** |
| | An Dr Pádraig de Paor (Saoire shabóideach T1 23/24) | **Seomra 4062** |
| | An Dr Deirdre Nic Chárthaigh | **Seomra 4060** |
| | An t-Oll. Emeritus Damian McManus | **f/ch Seomra 4055** |
| | An Dr Jürgen Uhlich | **Seomra 4056** |
| **Léachtóirí Páirtaimseartha** | Máire Ní Bháin | **f/ch Seomra 4055** |
| | Áine Ní Ghlinn | |
| | Bríd Stack | |
| **Teagascóirí** | Brianán Ní Bhuachalla | |
| | Ciara Ní Mhurchú | |
| | Emmet de Barra | |
| **Riarthóir** | Caoimhe ní Bhraonáin | **Seomra 4055** |
| | Foireann riarthóirí Scoil na dTeangacha | **Seomra 5080** |

Gheobhaidh tú eolas iomlán faoi Roinn na Gaeilge agus faoinár gcúrsaí ó Riarthóir na Roinne. Tá eolas faoin Roinn le fáil freisin ar láthair Choláiste na Tríonóide ar an idirlíon: **www.tcd.ie/Irish**

## Comhordaitheoirí

| | | |
|---|---|---|
| Comhchéim Onóracha (TJH) | Eoin Mac Cárthaigh | emaccart@tcd.ie |
| Céim Aononóracha (Luath- agus Nua-Ghaeilge) | Mícheál Hoyne | mhoyne@tcd.ie |
| Ríomhaireacht le Teanga / Léann na hEorpa | Eoin Mac Cárthaigh | emaccart@tcd.ie |
| Erasmus (isteach agus amach) | Deirdre Nic Chárthaigh | dnicchar@tcd.ie |

Ar ndóigh, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir nó le comhordaitheoir an mhodúil má bhaineann do cheist le modúl ar leith.

Uimhir theileafóin Riarthóir na Roinne: (896)1450, r-Phost: nibhraoc@tcd.ie

*NB: Tá lárnú déanta ar an bhfoireann riaracháin agus, mura mbíonn Caoimhe i 4055, tá teacht ar an bhfoireann i Seomra 5080 agus trí rphost chuig undergraduate.sllcs@tcd.ie (nó timetables.sllcs@tcd.ie más ceist clár ama atá agat). Féadfaidh tú scríobh as Gaeilge i gcónaí.*

## Oifig ar Oscailt (Seomra 4055)

**Dé Luain** san oifig **11.30am go 1pm** nó r-phost ina dhiaidh sin (nibhraoc@tcd.ie)

**Dé Máirt** san oifig **10am go 12pm** nó r-phost ina dhiaidh sin (nibhraoc@tcd.ie)

**Dé Céadaoin** [Oifig Dúnta – rphost amháin]

**Déardaoin** san oifig **10am go 1pm** nó r-phost ina dhiaidh sin (nibhraoc@tcd.ie)

**Dé hAoine** san oifig **10am go 1pm** nó r-phost ina dhiaidh sin (nibhraoc@tcd.ie)

Tá eolas faoin Roinn le fáil freisin ar láthair Choláiste na Tríonóide ar an idirlíon:
**www.tcd.ie/Irish**

Tá an lámhleabhar seo, Eolaire na Modúl agus foirm chlúdaigh do na haistí ar fad ar fáil ag https://www.tcd.ie/Irish/undergraduate/handbooks/index.ga.php

Uimhir theileafóin Riarthóir na Roinne: (896)1450, r-Phost: nibhraoc@tcd.ie

I gcás ar bith nach mbeidh Rialacha Ginearálta an Bhoird do mhic léinn mar atá foilsithe i bhFéilire an Choláiste agus a bhfuil sa Lámhleabhar seo ag teacht le chéile, is ag na Rialacha Ginearálta a bheidh an ceannsmacht.

Tá leagan leictreonach den lámhleabhar seo ar fáil ach r-phost a chur chuig nibhraoc@tcd.ie.

## AN CÚRSA CÉIME AONONÓRA sa LUATH- agus NUA-GHAEILGE

Cúrsa i litríocht agus i dteanga na Gaeilge ó thús deireadh is ea é seo. I gcuid na **Luath-Ghaeilge** den chúrsa, pléitear mórán gnéithe de litríocht na Gaeilge anuas go dtí 1200A.D., agus múintear teanga na Sean-Ghaeilge, sa chaoi go mbeidh tú in ann téacsanna Luath-Ghaeilge ar nós Táin Bó Cúailgne a léamh sa bhunteanga. Cloisfidh tú léachtaí ar stair na Gaeilge agus ar an ngaol atá ag an nGaeilge leis na teangacha Ceilteacha eile, agus léifidh tú meascán samplach de théacsanna idir phrós agus fhilíocht, eaglasta agus saolta. Beidh deis agat freisin an Bhreatnais a fhoghlaim agus roinnt de litríocht na Breatnaise a léamh má tá foireann ar fáil.

Cúrsa i litríocht agus i dteanga na Nua-Ghaeilge agus Ghaeilge na hAlban (Gàidhlig) is ea cuid na **Nua-Ghaeilge** den chúrsa. Pléitear mórán gnéithe de litríocht na Gaeilge is na Gàidhlig ó 1200 A.D. anuas go dtí an lá atá inniu ann. Mar shampla, léifidh tú dánta sa dán díreach, scéalta agus laoithe Fiannaíochta, téacsanna próis ón 15ú - 18ú céad agus saothar le scríbhneoirí nua-aimseartha (Mac Piarais, Ó Ríordáin, Ó Direáin, Ní Dhomhnaill, Ó Cadhain, Ó Conaire, Jenkinson, Mac Grianna, Ó Searcaigh, Ó Súilleabháin, Ó Tuairisc, Ó Tuama, 7rl.). Pléitear teanga na Gaeilge is na Gàidhlig sa tréimhse chéanna agus tugtar léachtaí ar litríocht bhéil na Gaeilge (béaloideas). Foghlaimeoidh tú Gaeilge na hAlban; déanfaidh tú freastal ar ranganna i scríobh na Gaeilge agus i labhairt na Gaeilge; agus gheobhaidh tú deontas le cuidiú leat tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht.

****

I Roinn na Gaeilge, cuirimid fáilte roimh mhic léinn ó raon cúlraí agus dearcthaí éagsúla. Creidimid go saibhríonn éagsúlacht smaointe agus eolais foghlaim gach duine, ar an gcoinníoll go gcaithfimid lena chéile le dínit agus le meas.

Déanaimid ár ndícheall inrochtaineacht agus cuimsitheacht a ionchorprú inár dteagasc agus inár seomraí ranga chun a chinntiú go mbeadh deis chothrom ag gach mac léinn, beag beann ar mhíchumas, eitneachas, inscne, gnéasacht, cúlra nó stádas socheacnamaíoch, páirt iomlán a ghlacadh ina gcuid staidéir agus a gcuid spriocanna foghlama a bhaint amach.

Tacaímid le Beartas Dínit agus Meas, Beartas Faisnéise Inrochtana agus beartais agus nósanna imeachta eile a bhaineann go sonrach le míchumas, agus le haidhmeanna agus cuspóirí Thionscadal Churaclam Uilechuimsitheach na Tríonóide. Cuirimid fáilte roimh mholtaí agus aiseolas ar conas is féidir linn ár n-inrochtaineacht agus ár gcuimsitheacht a fheabhsú; téigh i dteagmháil leis an gCeann Roinne, Eoin Mac Cárthaigh ag emaccart@tcd.ie.

## AN LUATH-GHAEILGE CÚRSA NA CHÉAD BHLIANA

### AN CLÁR TEAGAISC

**10 Seachtain** a bheidh agaibh sa chéad téarma (**12 seachtain** sa dara téarma, mar is gnách).

**IRU11001 Gramadach na Sean-Ghaeilge A** (5 ECTS)

**Léachtóir**: Mícheál Hoyne **(Gramadach)** Leathbhliain 1, 2 u/ch sa tseachtain
**Teagascóir**: Brianán Ní Bhuachalla **(rang teagaisc)** Leathbhliain 1, 1 u/ch sa tseachtain
**Measúnú**: 66% scrúdú scríofa, 34% ceachtanna gramadaí [scrúdú scríofa 60 nóiméad sa tréimhse oifigiúil scrúduithe sa gheimhreadh]
**Leabhair**: E. G. Quin, *Old-Irish Workbook* (Dublin 1975)
J. Strachan and O. Bergin, *Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses* (Dublin 1949, srl.)
A. Green *Old Irish Verbs and Vocabulary* (Somerville, MA, 1995)

**IRU11021 Uraiceacht i bhfoinsí na Sean-Ghaeilge** (5 ECTS)

**Léachtóir**: Jürgen Uhlich. 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1
**Measúnú**: 40% Scrúdú scríofa, 60% aiste. [scrúdú ranga 45 nóiméad i Seachtain 10] [Aiste: Sprioc 09.12.22]
**Leabhair:** Soláthrófar liosta léitheoireachta

**IRU11041 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta** (5 ECTS)

**Léachtóir:** Damian McManus. 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1 :: **AR LÍNE**
**Measúnú:** 100% aiste. [Sprioc: 08.12.22]
**Leabhair:** Soláthrófar liosta léitheoireachta

**IRU11002 Gramadach na Sean-Ghaeilge B** (10 ECTS)

**Léachtóir**: Mícheál Hoyne **(Gramadach)** Téarma 2, 2 u/ch sa tseachtain
**Teagascóir**: Brianán Ní Bhuachalla **(rang teagaisc)** Téarma 2, 1 u/ch sa tseachtain
**Measúnú**: 66% scrúdú scríofa, 34% ceachtanna gramadaí [scrúdú scríofa 120 nóiméad, nó ar líne 180 nóiméad más gá, sa tréimhse oifigiúil scrúduithe samhraidh]
**Leabhair**: E. G. Quin, *Old-Irish Workbook* (Dublin 1975)
J. Strachan and O. Bergin, *Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses* (Dublin 1949, srl.)
A. Green *Old Irish Verbs and Vocabulary* (Somerville, MA, 1995)

**IRU11032 Uraiceacht Próis sa Luath-Ghaeilge** (5 ECTS)

**Léachtóir**: Mícheál Hoyne. Téarma 2, 1 u/ch sa tseachtain
**Measúnú**: 100% scrúdú scríofa [scrúdú ranga 45 nóiméad]
**Leabhair**: J. Strachan & O. Bergin *Stories from the Táin* (Dublin 1944, srl.)
Soláthrófar fótachóipeanna de théacsanna eile.

## ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ SA LUATH-GHAEILGE

**Scrúduithe Scríofa:**

<u>Scrúdú Geimhridh</u>

| | |
|---|---|
| Old Irish Grammar A | (66% de) IRU11001 Gramadach na Sean-Ghaeilge A (1 u/ch) |

<u>Scrúdú Samhraidh</u>

| | |
|---|---|
| Old Irish Grammar B | (66% de) IRU11002 Gramadach na Sean-Ghaeilge B (2 u/ch) |

<u>Scrúduithe Ranga</u>

| | |
|---|---|
| Scrúdú scríofa, Seachtain 12, T1 | (40% de) IRU11021 Uraiceacht i bhfoinsí sa Sean-Ghaeilge |
| Scrúdú scríofa, Seachtain 12, T2 | (100% de) IRU11032 Uraiceacht Próis na Sean-Ghaeilge |

**Measúnú Leanúnach:**

| | |
|---|---|
| Aiste (c.2,000 focal) | (60% de) IRU11021 Uraiceacht i bhfoinsí sa Sean-Ghaeilge |
| Aiste (c.2,500 focal) | (100% de) IRU11041 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta |
| Ceachtanna | (34% de) IRU11001 Gramadach na Sean-Ghaeilge A |
| Ceachtanna | (34% de) IRU11002 Gramadach na Sean-Ghaeilge B |

Tá dhá aiste le cur isteach agaibh sa Luath-Ghaeilge: ceann ar IRU11021 Uraiceacht i bhfoinsí sa Sean-Ghaeilge agus ceann ar IRU11041 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta

Tá na haistí (IRU11021 Uraiceacht i bhfoinsí sa Sean-Ghaeilge agus IRU11041 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta) le bheith istigh ar nó roimh an Aoine **8 Nollaig 2023**.

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

**IRU11001 & IRU11002 Gramadach na Sean-Ghaeilge A&B**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- Sean-Ghaeilge chlasaiceach bhunúsach a léamh agus a aistriú
- ortagrafaíocht na Sean-Ghaeilge agus an difríocht idir í agus ortagrafaíocht na Nua-Ghaeilge a thuiscint
- anailís a dhéanamh, agus leas á bhaint as an téarmaíocht chuí, ar struchtúr ghramadach abairtí bunúsacha Sean-Ghaeilge
- coincheap na 'paradaíme' a thuiscint agus leas a bhaint as in anailís ghramadaí.
- na príomhdhifríochtaí idir an tSean- agus an Nua-Ghaeilge a aithint agus a mhíniú
- na scileanna anailíse a foghlaimíodh i gcás na Sean-Ghaeilge a úsáid i gcás aon teanga eile
- gluaiseanna a úsáid i gceart

**IRU11032 Prós na Sean-Ghaeilge**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- scéalta próis ar a nós sin in Stories from the Táin (nó scéalta ag leibhéal ar aon dul leo sin) a aistriú go neamhspleách
- formáid na hanailíse ghramadaí a thabhairt chun cuimhne agus a chur i bhfeidhm ar fhoirmeacha eile Sean-Ghaeilge taobh istigh dá leibhéal chumais
- formáid na hanailíse ghramadaí a thabhairt a chur i bhfeidhm ar fhocail Bhéarla agus ar fhocail ó theangacha eile seachas an tSean-Ghaeilge
- gluaiseanna téacsúla a úsáid i gceart

**IRU11021 Uraiceacht i bhfoinsí na Sean-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- leagan bunúsach den chló Gaelach a léamh agus cur síos a dhéanamh air
- critéir éagsúla dátaithe a aithint agus iad a úsáid chun lámhscríbhinn a dhátú
- an tSean-Ghaeilge a lonnú go cruinn i gcontanam níos leithne fhorbairt agus sheachadadh na Gaeilge
- cur síos bunúsach a dhéanamh ar ionad na Gaeilge taobh istigh d'fhortheaghlach na dteangacha Ceilteacha
- an aibítir Ogam a léamh agus cur síos a dhéanamh uirthi
- saintréithe bunúsacha mheadarachtaí na Sean-Ghaeilge a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu

**IRU11041 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- na catagóirí éagsúla ina roinntear litríocht na Luath-Ghaeilge a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu
- tuiscintí éagsúla na scoláireachta nua-aimseartha i dtaobh nádúr agus fheidhm na seanscéalaíochta dúchais
- anailís a dhéanamh ar mhórghnéithe na beathaisnéise laochúla agus an teampláid sin a chur i bhfeidhm ar na scéalta a léitear
- bunteachtaireacht na scéalta a ndéantar staidéar orthu a aithint
- cur síos a dhéanamh ar thábhacht na seanscéalta do léitheoir an lae inniu
- aiste a scríobh ag baint úsáide as tagairtí líonmhara don leabharliosta lán a thugtar do gach aon seanscéal

# AN NUA-GHAEILGE - CÚRSA NA CHÉAD BHLIANA

## AN CLÁR TEAGAISC

**10 Seachtain** a bheidh agaibh sa chéad téarma (**12 seachtain** sa dara téarma, mar is gnách).

**IRU1144Y Ceart & Labhairt na Teanga** (10 ECTS) Léacht & rang comhrá sa tseachtain 2 u/ch sa tseachtain, Bliain iomlán.
**Léachtóir**: Deirdre Nic Chárthaigh
**Measúnú**: 60% scrúdú scríofa, 30% scrúdú béil, 10% ceachtanna gramadaí [scrúdú 180 nóiméad i dtréimhse scrúduithe an tsamhraidh]
NB: Tá sé fíor-thábhachtach pas a ghnóthaí sa scrúdú scríofa sa mhodúl IRU1144Y.
**Leabhair**: E. Ó Dónaill *Gramadach Gan Stró*

**IRU11401 Nualitríocht T1** (5 ECTS) Léacht agus rang teagaisc sa tseachtain (2 u/ch), T1.
**Léachtóir**: Kevin Hickey. **Teagascóir**: Emmet de Barra.
**Measúnú**: 100% aiste. c.2,000 focal. [SPRIOC: 01.12.23]
**Téacsanna** le fógairt sa rang.

**IRU11431 Éire agus an Ghaeilge san Eoraip I** (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1.
**Léachtóir**: Kevin Hickey.
**Measúnú**: 100% aiste. c.2,000 focal. [SPRIOC: 01.12.23]
**Téacsanna** le fógairt sa rang.

**IRU11402 Nualitríocht T2** (5 ECTS) Léacht agus rang teagaisc sa tseachtain (2 u/ch), T2.
**Léachtóir**: Pádraig de Paor. **Teagascóir**: Ciara Ní Mhurchú.
**Measúnú**: 100% aiste. c.2,000 focal. [SPRIOC: 12.4.24]
**Téacsanna** le fógairt sa rang.

**IRU11422 Dán Díreach agus Scéalaíocht Chéitinn** (5 ECTS) 2 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.
**Léachtóir**: Deirdre Nic Chárthaigh
**Measúnú**: 100% scrúdú scríofa. [2 x Scrúdú ranga i Seachtain 12]
**Téacs** (Scéalaíocht Chéitinn): O. Bergin (eag.): *Stories from Keating's History of Ireland*, Royal Irish Academy.
**Téacs** (Dán Díreach): E. Knott: *Irish Syllabic Poetry*, Dublin Institute for Advanced Studies.

## ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ:-

**Scrúduithe:**

Scrúdú Samhraidh

| | |
|---|---|
| Nua-Ghaeilge – Páipéar I (3 u/ch) | (60% de) IRU1144Y Ceart agus Labhairt na Teanga |

Scrúduithe Ranga

| | |
|---|---|
| Scrúdú Ranga, Seachtain 12 (T2) | IRU11422 Dán Díreach agus Céitinn (Dán Díreach) |
| Scrúdú Ranga, Seachtain 12 (T2) | IRU11422 Dán Díreach agus Céitinn (Céitinn) |

| | |
|---|---|
| Scrúdú Béil | (30% de) IRU1144Y Ceart agus Labhairt na Teanga |

**Measúnú leanúnach:**

| | |
|---|---|
| Aiste (c.2,000 focal) | (100% de) IRU11401 Nualitríocht T1 |
| Aiste (c.2,000 focal) | (100% de) IRU11431 Éire agus an Ghaeilge san Eoraip I |
| Aiste (c.2,000 focal) | (100% de) IRU11402 Nualitríocht T2 |
| Ceachtanna | (10% de) IRU1144Y Ceart agus Labhairt na Teanga |

Tá na haistí ar IRU11431 Éire agus an Ghaeilge san Eoraip I agus ar IRU11401 Nualitríocht T1 le bheith istigh ar nó roimh an Aoine **1 Nollaig 2023**. Tá aistí don dara téarma le tabhairt isteach suas go dtí an Aoine **12 Aibreán 2024**.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

**IRU11401 agus IRU11402 Nualitríocht T1 & T2**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar:

- freagairt go tuisceanach agus go híogair do thacar téacsaí Gaeilge ón 20ú agus an 21ú haois.
- labhairt go heolgaiseach agus go léannta ar na coinbhinsiúin agus ar na nósanna a bhaineann le seánraí éagsúla nualitríochta (gearrscéal, filíocht srl)
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde
- leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta

**IRU11431/2 Éire agus an Ghaeilge san Eoraip I**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh tuiscint acu ar

- stair na cumarsáide idir institiúidí polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha na hÉireann agus an chuid eile den Eoraip ón tréimhse is luaithe go dtí an lá atá inniu ann;
- an tionchar atá ag athruithe sóisialta, cultúrtha agus teangeolaíocha trí na haoiseanna ar cheangal na hÉireann leis an gcuid eile den Eoraip;
- ról na Gaeilge in Éirinn agus san Eoraip;
- na príomhchoincheapa cultúrtha, polaitiúla, sóisialta agus sochtheangeolaíocha atá de dhíth le hanailís a dhéanamh ar an ngaol idir an Ghaeilge agus an chuid eile den Eoraip;
- conas comparáid agus codarsnacht a dhéanamh go líofa ar pholaitíocht agus ar pholasaithe teanga in Éirinn le hais áiteanna eile san Eoraip.

**IRU11422 Dán Díreach agus Scéalaíocht Chéitinn**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar

- cuntas a thabhairt ar pharaiméadair na Gaeilge Clasaicí agus na Nua-Ghaeilge Moiche
- cur síos buneolasach a dhéanamh ar ról an aosa dána agus eagna le linn na tréimhse
- taitneamh tuisceanach a bhaint as téacsaí áille an Chéitinnigh
- anailís a dhéanamh ar ghramadach Ghaeilge an Chéitinnigh
- aistriúchán a dhéanamh ar na téacsaí;
- na meadarachtaí is tábhachtaí i bhfilíocht na Gaeilge Clasaicí a thuiscint.

**IRU1144Y Ceart & Labhairt na Teanga:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, is éard a bheidh sealbhaithe acu ná

- bunscileanna scríbhneoireachta sa Nua-Ghaeilge
- tuiscint ar na héagsúlachtaí móra idir dul an Bhéarla agus dul na Gaeilge
- bunscileanna aistriúcháin (Ó Ghaeilge go Béarla, agus ó Bhéarla go Gaeilge)
- eolas maith ar chomhréir na Gaeilge, ar dhíochlaonadh an ainmfhocail agus ar réimniú na mbriathra
- foclóir saibhir agus stór focal leathan
- cur amach ar fhoghair agus ar fhuaimeanna aon chanúna amháin agus a gceart-úsáid ina chaint féin
- tuiscint ar rithimí nádúrtha na teanga mar atá sí á labhairt ag cainteoirí Gaeilge ó dhúchas
- muinín as a chumas labhairt as Gaeilge
- tuiscint ar thábhacht na haithrise i sealbhú teanga

# NÓTAÍ TÁBHACHTACHA DO MHIC LÉINN SA CHÉAD BHLIAIN

## a. FREASTAL

Ní mór do mhic léinn freastal ar léachtaí agus ar ranganna an chúrsa, agus ceachtanna agus aistí an chúrsa a scríobh. Ní mór do gach mac léinn freastal ar, ar a laghad, dhá dtrian de na léachtaí agus na ranganna in aon mhodúil ar leith, agus dhá dtrian den obair scríofa a bhaineann le haon mhodúl a dhéanamh leis na pointí creidmheasa a bhaint amach don chúrsa agus le nach measfar an iníon / mac léinn a bheith faillíoch.

## b. OBAIR LEANÚNACH / AISTÍ

Moltar do na mic léinn a thabhairt dá n-aire go bhfuil céatadán ard de mharcanna na chéad bhliana ag dul do cheachtanna agus d'aistí a dhéanann siad le linn na bliana. Tá sé an-tábhachtach nach ndéanfaidís faillí san obair sin. Beidh ar na mic léinn 5 aiste, a bheidh idir 2000 agus 2500 focal ar fad, a scríobh i rith na bliana.

Tá an dá aiste Luath-Ghaeilge (IRU11021 Uraiceacht i bhfoinsí sa Sean-Ghaeilge agus IRU11041 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta) le bheith istigh ar nó roimh an Aoine **8 Nollaig 2023**. Tá na haistí ar IRU11431 Éire agus an Ghaeilge san Eoraip I agus IRU11401 Nualitríocht T1 le bheith istigh ar nó roimh an Aoine **1 Nollaig 2023**. Tá aistí don dara téarma le tabhairt isteach suas go dtí an Aoine **12 Aibreán 2024**. Beidh aistí le cur isteach trí Turnitin ar leathanach an mhodúil ar Blackboard. Tá leathanach clúdaigh ar fáil ag https://www.tcd.ie/Irish/undergraduate/handbooks/index.ga.php

Gearrfar pionós 5% in aghaidh na seachtaine i ndiaidh an spriocdháta agus ní ghlacfar le haiste níos mó ná coicís déanach gan cead speisialta ón gCeann Roinne. Ní mór don mhac / iníon léinn an aiste a chur isteach trí Blackboard agus foirm oifigiúil ceangailte léi.

**Aistí – treoir ghinearálta:**

Ní mór d'aistí a bheith slachtmhar, soléite agus clóscríofa le spásáil 1.5 no 2 idir na línte. Fágtar dóthain spáis sna himill le haghaidh nótaí srl. Bíodh argóint leanúnach san aiste agus tús, lár agus deireadh leis an argóint sin. Abair ag an tús cén dearcadh atá agat nó mínigh go cruinn cad tá fút a dhéanamh. Bain úsáid as tagairtí do bhuntéacsanna / sleachta astu le cur ar son na hargóna; bain úsáid as aistriúcháin ar na sleachta sin más gá. Scríobh conclúid ag an deireadh.

Tabhair tagairtí (i bhfonótaí, nó i nótaí deiridh nó idir lúibíní i dtéacs na haiste féin). Bíodh leabharliosta ag deireadh na haiste le tagairtí in ord aibítre de réir shloinnte na n-údar.

Ní miste úsáid a bhaint as tuairimí scoláirí eile má thugann tú le fios go bhfuil sé sin á dhéanamh agat agus má chuireann tú tagairtí ar fáil; is iad do thuairimí féin is tábhachtaí sa mheasúnú, áfach. Ná fág athfhriotail ina ndílleachtaí uaigneacha i lár théacs na haiste; abair rud éigin fúthu agus figh isteach in argóint na haiste iad. Ná déan bradaíl (féach thíos).

**Tagairtí:**
An córas is fearr ná 'sloinne + dáta + leathanach' agus na sonraí a chur ar fáil sa leabharliosta ag deireadh na haiste. Seo sampla dá leithéid:

Mar seo a leanas a mhíníonn Aisling Ní Dhonnchadha an forás sin sa ghearrscéal Gaeilge: 'Blah, blah, blah', (Ní Dhonnchadha, 1981, 135-6).

Sa liosta leabhar ag deireadh na haiste, bíodh sé, i gcás leabhair, mar seo :

Ní Dhonnchadha, A. (1981): *An Gearrscéal sa Ghaeilge*.

Agus i gcás ailt acadúil i leabhar:

Ó Háinle, C (1978): 'Gnéithe d'ealaín Phádraic Uí Chonaire', *Promhadh Pinn* (lgh. 22 – 31).

Meabhraítear do mhic léinn cloí le polasaí inrochtana an Choláiste. Ba cheart do bhur gcuid oibre scríofa (tráchtais, aistí, srl) cló-éadan sans serif a úsáid (m.sh. Calibri, Arial), ar a laghad méid 11/12pt. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi ábhar inrochtana ar leathanaigh Churaclam Uilechuimsitheach na Tríonóide.

**c. BRADAÍL SCOLÁIREACHTA**

Moltar do gach mac/iníon léinn polasaí na hOllscoile i dtaobh Bhradaíl Scoláireachta ("Plagiarism") a léamh go cúramach. Gheofar an polasaí sin i bhFéilire na hOllscoile (The University of Dublin Calendar 2023-2024, General Regulations and Information, agus tuilleadh eolais i lámhleabhar na Scoile). Is éard is bradaíl scoláireachta ann, saothar nó tuairimí duine eile (mac léinn nó scoláire) a chur faoi bhráid na hOllscoile mar shaothar/thuairimí de do chuid féin (.i. gan foinse an tsaothair/na dtuairimí sin a lua, is gan aitheantas cuí a thabhairt don té ar leis/léi iad). Ní mór do Roinn na Gaeilge rialacha na hOllscoile a chur i bhfeidhm i gcás mar sin.

Tá an cúrsa ar líne 'Ready Steady, Write' le comhlíonadh ag gach mac léinn agus beidh dearbhú ina leith sin le síniú ag gach mac léinn agus obair scríofa á cur isteach acu (ar fáil ag http://tcd-ie.libguides.com/plagiarism/ready-steady-write).

**d. GRÁID:**

| | | |
|---|---|---|
| I | 70%-100% | freagra/aiste den chéad scoth |
| II.1 | 60%-69% | freagra/aiste an-mhaith |
| II.2 | 50%-59% | freagra/aiste mhaith |
| III | 40%-49% | freagra/aiste shásúil |
| F1 | 30%-39% | freagra/aiste mhíshásúil (teip) |
| F2 | 0%-29% | freagra/aiste an-lag (teip) |

Is iad seo a leanas na critéir a chuirtear san áireamh sa mheasúnú:

**Aiste:** feabhas na n-argóintí, cur i láthair (féach thíos), leithne léitheoireachta, cruinneas teanga, líofacht stíle, saibhreas foclóra, cruinneas litrithe.

**Aistriúchán:** dílseacht don bhuntéacs, cruinneas teanga, líofacht stíle, saibhreas foclóra, cruinneas litrithe.

**Anailís:** cruinneas na hanailíse, saibhreas sonraí; an anailís a bheith ag teacht leis an aistriúchán.

**Achoimre ar an measúnú ar aistí:**

| | Téis | Taighde | Argóint | Cur i láthair |
|---|---|---|---|---|
| **Céad onóracha** | smaointeoireacht nua, forbartha go maith | foinsí príomhúla, éagsúlacht foinsí, foinsí cuí | dea-eagraithe, conclúid | stíl shoiléir, gan aon bhotúin chló |
| **Dara honóracha** | forbartha go maith | foinsí tánaisteacha, éagsúlacht | eagraithe, gan aon chonclúid | gá le cúram ó thaobh stíle, comhréire |
| **Pas / Tríú honóracha** | Doiléir | gan ach foinse nó dhó | measartha eagraithe | easpa cúraim tríd síos |
| **Teip** | gan téis a bheith ann | Éadomhain | mí-eagraithe | laigí substaintiúla |

**e. DUAISEANNA**

i. **Duais an Urr. Thaddeus O'Mahony**: bronntar í seo ar an té is fearr torthaí i scrúduithe na chéad bhliana sa Nua-Ghaeilge.
ii. **Duais Ceapadóireachta**: bronntar duais ar an mbeirt is fearr aistí a scríobh le linn na chéad bhliana sa Nua-Ghaeilge.

**f. DEONTAIS GHAELTACHTA**

Ní mór do mhic léinn na Nua-Ghaeilge 8 sheachtain ar a laghad a chaitheamh sa Ghaeltacht sula seasann siad a scrúdú céime sa Nua-Ghaeilge (sa tríú nó sa cheathrú bliain). Chun cuidiú le mic léinn an riail sin a chomhlíonadh, bronntar uimhir áirithe deontas Gaeltachta i ngach bliain acadúil. Chun cur isteach orthu ní mór do mhic léinn iarratas a dhéanamh ar fhoirm faoi leith i ndeireadh an chéad téarma, agus teacht chuig agallamh nó chuig cruinniú a fhógraítear. Aon duine a roghnaítear dá bharr sin, beidh sé/sí i dteideal ar dheontas ach na coinníollacha cuí a chomhlíonadh. **Moltar go láidir do mhic léinn dul siar leis an rang go hAcadamh na hOllscolaíochta** (NUIG) ar thuras a eagraíonn an Coláiste sa samhradh sula dtéann siad isteach sa dara nó tríú bliain (coicís mí Bealtaine). Is í Caoimhe ní Bhraonáin an ball foirne lena ndéanfar teagmháil faoi scéim na ndeontas.

**g. MODÚIL ROGHNACHA na TRÍONÓIDE / ÁBHAR NUA:**

Sa dara bliain beidh roghanna le déanamh agaibh maidir le bhur gconair tríd an gcúrsa bunchéime. Beidh cead agaibh 20 ECTS a dhéanamh taobh amuigh den chúrsa Luath- agus Nua-Ghaeilge – modúil roghnacha, mionábhar nua, nó a leithéid. Tá tuilleadh eolais faoi seo ar fáil ag https://www.tcd.ie/academicregistry/trinity-pathways/

## NÓTAÍ EILE DO MHIC LÉINN I ROINN NA GAEILGE

### Foinsí úsáideacha: Acadúil

- An Leabharlann – féach www.tcd.ie/library le teacht ar an gcatalóg
- www.tearma.ie – foclóir téarmaíochta ar-líne, foinse maith do théarmaí nua-aoiseacha, ach bheadh gá le Ó Dónaill / de Bhaldraithe don ghnáth-fhoclóir laethúil (www.focloir.ie agus www.teanglann.ie).
- www.edil.ie eDil – Dictionary of the Irish Language, leagan in chuardaigh ar-líne, úsáideach do lucht na Luath-Ghaeilge go háirithe.
- Gaeilge na hAlban: Féach www.smo.uhi.ac.uk agus www.bbc.co.uk/scotland/alba le teacht ar ábhar bhreise.

### Foinsí Úsáideacha: Saol an Choláiste

**Do thiúitéir**: Is é/í do thiúitéir nó d'oide an nasc idir tú agus oifigí an Choláiste. Má bhíonn nótaí tinnis agat, fadhbanna pearsanta nó fadhbanna acadúla, cuirfidh an tiúitéir tacaíocht ar fáil duit ar bhonn rúnda. Féach www.tcd.ie/Senior_Tutor/your_tutor le teacht ar thuilleadh eolais.

**Comhairleoireacht**: Tá comhairleoirí ar fáil sa Choláiste le cuidiú le mic léinn ar bhealaí éagsúla, nuair a bhíonn deacrachtaí pearsanta nó deacrachtaí acadúla acu. Féach www.tcd.ie/Student_Counselling le teacht ar thuilleadh eolais. Agus féach http://student2student.tcd.ie/ le treoir níos ginearálta a fháil ó mhic léinn eile sa choláiste. Pléann an dá dhream seo le réimse leathan ábhar; strus, aistí a scríobh (in am!), lionn dubh, nótaí a ghlacadh, srl.

**Seirbhísí do mhic léinn le míchumais**: Cuireann an oifig seo tacaíocht agus réimse seirbhísí ar fáil do mhic léinn a bhfuil míchumas de chineál ar bith acu, agus dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Féach an suíomh www.tcd.ie/disability/ le teacht ar eolas eile.

**Seirbhís Gairmthreorach**: Tá píosa ar leith thall faoin oifig seo. Is í Orlaith Tunney an príomhdhuine a bhíonn ag plé le mic léinn i Roinn na Gaeilge. Féach www.tcd.ie/careers/ le teacht ar aon eolas eile. Tá tuilleadh eolais faoina gcuid oibre siúd freisin i Lámhleabhar na Scoile.

**Aontas na Mac Léinn**: Cuireann Aontas na Mac Léinn réimse seirbhísí ar fáil, idir seirbhísí leasa an mhic léinn agus cúrsaí siamsaíochta. Féach www.tcdsu.org.

**An Cumann Gaelach**: Eagraíonn an Cumann céilithe, grúpaí amhránaíochta, ranganna rince seite, bunranganna Gaeilge d'eachtrannaigh, deirí seachtaine as baile agus Féile mhór na hÉigse. Féach www.cumann.ie

**Oifig na Gaeilge**: Tá Oifig na Gaeilge ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste, i measc na foirne agus i measc na mac léinn. Cuireann an Oifig seirbhísí agus eolas ar fáil do phobal an Choláiste – scéimeanna cónaithe Gaeilge na mac léinn ina measc. www.tcd.ie/gaeloifig

**I gcás éigeandála, tá Seirbhísí Slándála an Choláiste ar fáil ar x1999 (01 896 1999).**

Tá cur síos ar an g**Córas ECT** (European Credit Transfer and Accumulation System = ECTS) i Lámhleabhar na Scoile.

Eolas faoi '**Bhradaíl Liteartha**' faoi mar atá leagtha síos i bhFéilire an Choláiste (**Calendar Statement on Plagiarism for Undergraduates - Part II, 82-91**) https://www.tcd.ie/calendar/undergraduate-studies/general-regulations-and-information.pdf#plagiarism

Agus faoi na himpleachtaí a bhaineann le bradaíl: http://tcd-ie.libguides.com/plagiarism/levels-and-consequences#s-lg-box-wrapper-9089155 Féach tuilleadh eolais i Lámhleabhar na Scoile.

Féach freisin píosa ag deireadh an lámhleabhair faoi pholasaí Scoil na dTeangacha ar úsáid Intleachta Shaorga Giniúna.

**Seirbhís Gairmthreoir**

Mar mhac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide, tá teacht agat ar fhaisnéis, ar thacaíocht agus ar threoir ón bhfoireann de Chomhairleoirí Gairmeacha le linn do chuid ama i gColáiste na Tríonóide agus ar feadh bliana tar éis duit céim a bhaint amach. Mar chuid den tacaíocht sin, cuirtear ar fáil coinní aonair gairmthreorach, clinicí CV agus próifíle LinkedIn, agallaimh cleachtais agus meantóireacht.

Tabhair cuairt ar https://www.tcd.ie/Careers/ chun comhairle a fháil faoi ghairm bheatha, faoi staidéar iarchéime agus le poist a chuardach.

Sínigh isteach le MyCareer chun coinní a chur in áirithe, le eolas a fháil faoi fholúntais agus sparánachtaí, agus le d'áit a chur in áirithe ar imeachtaí fostóra atá le teacht.

Lean an tseirbhís ar Instagram le haghaidh nuacht gairme agus comhairle @trinity.careers.service

## Eolas maidir le húsáid Intleachta Shaorga / AI (polasaí na Scoile)

**Tabhair faoi deara an méid seo a leanas:**

1) Ní mholaimid duit *chatGPT* (nó a mhacasamhail) a úsáid i do chuid oibre measúnaithe, ach – ar choinníoll go ndéanann tú amhlaidh faoi réir ag an doiciméad reatha – níl cosc air.

2) Má úsáideann tú é, ní mór *chatGPT* (nó a leithéid) a admháil ar nós aon fhoinse eile: má thógann tú faisnéis agus/nó smaointe uaidh, ba cheart duit é seo a chur in iúl díreach mar a bheifeá dá thógáil ó alt foilsithe. Má thógann tú an fhoclaíocht ó *chatGPT*, ba chóir é seo a admháil agus bheith i gcomharthaí athfhriotail. Mar atá le haon fhoinse eile, ní moltar sleachta fada athfhriotail a úsáid. Is sárú ar pholasaí bradaíola an Choláiste é gan admhálacha den sórt sin a sholáthar.

3) Níor cheart go mbeadh aon amhras ar an léitheoir cé as a dtagann gach píosa eolais i do shaothar. Beidh an té atá dá mharcáil ag faire amach le haghaidh faisnéise amhrasach agus sleachta a léiríonn laigí ar leith I.S. ghiniúna (generative AI). Gearrfar pionós ar fhaisnéis atá mícheart agus/nó cumtha, agus tabharfar luach a saothair do thagairtí críochnúla inniúla.

4) Ba cheart go leanfadh tagairt ó *ChatGPT*, nó a chomhionann, an fhormáid seo:

> Cruthaitheoir. Dáta Rochtana. Ardán/Uirlis a úsáideadh. Rochtain ag: URL. Leid: “Cuireadh téacs an leid isteach.”

Mar shampla:

> Open AI. Dáta rochtana 5ú Eanáir 2023. ChatGPT. Rochtain ag: https://openai.com/blog/chatgpt/.
> Leid: “Cé chomh hiontaofa agus atá foinsí filíochta Enheduanna?”

Má thug tú níos mó ná leid amháin dó, ba cheart go mbeadh tagairt ann do gach ceann.

4) Cé go ndéanfaidh tagairt cheart do *chatGPT* tú a chosaint ar bhradaíl, ní chosnóidh sé tú ó na hearráidí a ghineann sé. Moltar duit an fhaisnéis a sholáthraíonn *chatGPT* a dheimhniú go neamhspleách. Má dhéanann tú é seo, is maith an rud é a lua go díreach ó na foinsí a úsáideann tú lena dheimhniú - ní gá duit *chatGPT* féin a lua a thuilleadh.

5) Le héifeacht láithreach, iarrfaidh bileoga clúdaigh na hoibre measúnaithe ar fad sa Scoil ort a lua an bhfuil tú tar éis úsáid a bhaint as ‘intleacht shaorga’ nó nach bhfuil agus tú i mbun do chuid oibre. Ní mór an cheist seo a fhreagairt sa bhreis ar sholáthar aon tagairtí d’fhoinse dá leithéid. Sárú ar ionracas acadúil is ea freagra mícheart ar an gceist seo.
Má fhreagraíonn tú ‘tá’, ba cheart duit an téacs iomlán a chuir *chatGPT* ar fáil a chur in aguisín le do chuid oibre, ionas gur féidir leis an té atá ag ceartú an comhthéacs iomlán a fheiceáil (mar a bheadh siad in ann má luaigh tú gnáthfhoilseachán).

6) Sa chás go mbíonn amhras ar an té atá ag ceartú gur úsáideadh *chatGPT* gan aitheantas nó go míchuí, féadfar glaoch ort chuig cruinniú imscrúdaithe, áit a scrúdófar thú ar fhoirm agus ar ábhar na hoibre atá i gceist, agus ar an topaic ghinearálta. Sa chás go bhfuil imní fós orthu, cuirfear iad seo faoi bhráid an Déin Shóisearaigh mar shárú amhrasta ar ionracas acadúil

7) Agus uirlisí AI ag feabhsú agus ag teacht chun cinn, is amhlaidh atá le huirlisí braite AI freisin. Tá cumais nua fógartha ag Turnitin a bheidh le feiceáil faoi dheireadh na bliana seo. D’fhéadfadh úsáid mhíchuí *chatGPT* anois filleadh ar ball chun tú a chur i mbaol.

Mar fhocal scoir, is fiú a lua nach bhfuil aon amhras ann ach go mbeidh fostóirí sa todhchaí, toisc gur féidir le *chatGPT* cineál áirithe scríbhneoireachta (ar leibhéal íseal) a dhéanamh anois, ag lorg daoine a sáraíonn a gcumas scríbhneoireachta, taighde agus argóna cumas na n-uirlisí AI. Tá cúis mhaith agat, mar sin, na scileanna seo a fheabhsú i gceart. D’fhéadfadh ‘intleacht shaorga’ a bheith ina huirlis chabhrach i gcúinsí áirithe má úsáidtear i gceart í, ach níor cheart duit ligean di do chuid fiosrachta ná do dhiongbháilteacht foghlaim agus fás mar mhac léinn i gColáiste na Tríonóide a mhaolú.

> Martin Worthington agus Jennifer Edmond
> (Stiúrthóirí an oideachais Fochéime agus Iarchéime, thar ceann na Scoile)

*[LEAGAN BÉARLA DE PHOLASAÍ NA SCOILE]*

***Please be advised of the following:***

*1) We do not encourage you to use chatGPT (or similar) in your assessed work, but – providing you do so in conformity with the present document – we do not forbid it.*

*2) If you use it, chatGPT (or similar) must be acknowledged like any other source: if you take information and/or ideas from it, you should indicate this just as if you were taking them from a published article. If you take wording from chatGPT, this should be acknowledged and in quotation marks. As with any other source, long strings of quoted matter are not advisable. Failure to provide such acknowledgments constitutes a breach of the College plagiarism policy.*

*3) The reader should be in no doubt as to where each piece of information in your work comes from. Markers will be on the lookout for suspect information and passages that demonstrate the particular weaknesses of generative AI. Incorrect and/or fabricated information will be penalized, while thorough and competent referencing will be rewarded.*

*4) Citations of ChatGPT, or any equivalent, should follow this format:*

*Creator. Date of Access. Platform/Tool used. Accessed at: URL. Prompt: "Text of prompt entered."*

*For example:*

*Open AI. Accessed 5th Jan 2023. ChatGPT. Accessed at: https://openai.com/blog/chatgpt/. Prompt: "How reliable are the sources for Enheduanna's poetry?"*

*If you gave it multiple prompts, there should be multiple citations.*

*4) While properly referencing chatGPT will protect you from plagiarism, it will not protect you from the errors which it generates. You would be well advised to independently verify information provided by chatGPT. If you do this, it is fine to quote directly from the sources you use for verification – you no longer need to quote chatGPT itself.*

*5) With immediate effect, all assessed-work cover-sheets in the School will ask you to state whether you have used 'artificial intelligence' or not in producing the work. This question must be answered over and above the provision of any references to such a source. Answering this question incorrectly will be counted as a breach of academic integrity.*

*If you answer 'yes', you should include the full text provided by chatGPT in an appendix to your work, so that the marker can see the full context (as they would be able to if you quoted a normal publication).*

*6) In the event that markers suspect unacknowledged/improper use of chatGPT, you may be called to an investigative meeting, where you will be examined on both the form and content of the work in question, and on the general topic. In the event the markers still have concerns, these will be referred to the Junior Dean as a suspected breach of academic integrity.*

*7) Just as AI tools are evolving, so too are AI-detection tools. Turnitin has announced new capabilities to appear by the end of this year. Improper use of chatGPT now could come back to haunt you later.*

*A final point is that, precisely because a certain kind of (fairly low-level) writing can now be done by chatGPT, future employers will no doubt be looking for humans whose capabilities in writing, research and argument go beyond those of AI tools. All the more reason, then, to properly hone these skills. 'Artificial intelligence' may prove to be a helpful tool in certain circumstances if used properly, but you should not allow it to stifle your curiosity or your determination to learn and grow as a student of Trinity College.*

*Martin Worthington and Jennifer Edmond (Directors of UG and PG education, on behalf of the School)*